Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte
## Modúl 2

## Bonnsraith

**[GSC21]**

GSC21

**DÉ hAOINE 20 BEALTAINE 2011, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| **Marc Iomlán** | |

6875.02

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Comhlánaigh an tábla thíos faoi thruailliú.

Roghnaigh ó:

**talamh : uisce : athchúrsáil : scagairí ar shimléir mhonarchana**

| Cineál truaillithe | Sampla | Modh le méid an truaillithe a laghdú |
|---|---|---|
| truailliú an aeir | báisteach aigéadach | |
| | fuíoll teaghlaigh | |

[3]

**(b)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**mhóra : bheaga : díchoimisiúnú : ró-iascaireacht : cuótaí**

Tá na stoic iasc i mbaol mar gheall ar thruailliú agus mar gheall ar

_________________________ chomh maith.

Is féidir stoic iasc a chosaint trí eangacha a bhfuil mogaill

_________________________ acu a úsáid.

[2]

**(c)** Déantar dochar don phláinéad seo chomh maith cionn is go bhfuil an daonra ag méadú go gasta. Tá daoine ag maireachtáil níos faide anois agus seo ceann de na fáthanna a bhfuil an daonra ag méadú chomh gasta sin.

Luaigh dhá fháth a bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide.

1. ______________________________________________________ [1]

2. ______________________________________________________ [1]


**2** **(a)** Is féidir le héagsúlú i nithe beo a bheith leanúnach nó neamhleanúnach.
Úsáid línte le gach cineál éagsúlaithe a cheangal le sampla.

| **Cineál éagsúlaithe** | **Sampla** |
|---|---|
| leanúnach | airde |
| | sóchán |
| neamhleanúnach | rolladh teanga |

[2]

**(b)** Tá **20** dalta i rang. Is féidir le 13 dalta sa rang seo a dteanga a rolladh.

Comhlánaigh an bharrachairt thíos le líon na ndaltaí nach féidir leo a dteanga a rolladh a thaispeáint.




[1]



Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna Athmharc

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** I ndeatach toitíní, tá substaintí dochracha is féidir a bheith ina gcúis le bás.

**(i)** Luaigh cad chuige a bhfuil daoine áirithe ag caitheamh toitíní go fóill cé go bhfuil a fhios acu go bhfuil sé dochrach.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh substaint dhochrach **amháin** i ndeatach toitíní agus mínigh cad é mar a dhéanann sí dochar don chorp.


An tsubstaint dhochrach

______________________________________________ [1]

Míniú ar cad é mar a dhéanann sí dochar ____________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Léiríonn an graf thíos an líon daoine a bhí ag freastal ar chlinic thar thréimhse 10 mbliana mar gheall ar **andúile** i ndrugaí.



**(i)** Ríomh an méadú ar an líon daoine a bhí ag freastal ar an chlinic idir 1990 agus 2000.

**Taispeáin do chuid oibre.**

_________________ [2]

**(ii)** Maidir le formhór na ndaoine a bhí ag freastal ar an chlinic, ba úsáideoirí cócaoin seachas úsáideoirí cannabais iad. Luaigh fáth le cad chuige.

_________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** In 1928 fuair Alexander Fleming amach, maidir le baictéir a bhí ag fás i mias Petri, gur stop siad de bheith ag fás nuair a rinneadh iad a éilliú le cineál ar leith fungais.



*© Science Photo Library*

Rinneadh an tsubstaint seo a íonú ar deireadh leis an chéad antaibheathach riamh a dhéanamh.

**(i)** Ainmnigh an t-antaibheathach a tháinig ón fhungas seo.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an cineál orgánaigh is féidir a mharú le hantaibheatheach.

Roghnaigh ó:

**víreas** **baictéir** **fungais**

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh sampla **amháin** de ghalar a bhfuil an cineál seo orgánaigh ina chúis leis.

_______________________________________________ [1]

**(b)** In amanna tugtar 'sárfhríd' ar MRSA agus is fadhb é i mórán ospidéal mar tá sé deacair é a scriosadh.

Luaigh dhá rud is féidir a dhéanamh le laghdú ar MRSA a bheith ag leathadh in ospidéil.

1. _______________________________________________ [1]

2. _______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**5** **(a)** Tá níos mó fianaise ann i gcónaí go bhfuil téamh domhanda ag tarlú agus go bhfuil sé ag déanamh dochair don phláinéad seo.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Ciorclaigh an **dá** ráiteas thíos a chuir ina luí ar mhórán daoine go bhfuil téamh domhanda ag tarlú.

**tá oighearchaidhpeanna ag éirí níos mó**

**tá aeráid an domhain ag athrú**

**tá teocht an atmaisféir ag ardú**

**tá leibhéil níotráite ag ardú**

[2]

**(ii)** Ainmnigh gás **amháin** a shíleann daoine atá ina chúis le téamh domhanda.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht trí líon na léicean atá ag fás ar chrainn a chuntas.



*© Wildscape/Alamy*

Is sampla de thoisc bhitheach é an léicean.

**(i)** Cad é an chiall atá le toisc bhitheach?

Roghnaigh ó:

**neamhbheo : ceimiceach : beo**

_______________________________________________ [1]

D'fhiosraigh Eoin líon na bplandaí léicin ar chrainn fuinseoige a bhí faid dhifriúla ar shiúl ó dhá bhaile (Dún Duilleogach agus Éadan an Ghuail).
Níor chuntais sé ach na léicin suas go dtí 2 mhéadar ón talamh agus níor chuntais sé ach 5 chrann i ngach áit.

Tá a chuid torthaí sa tábla thíos.

| | **Meánlíon na léicean ar gach crann** | |
|---|---|---|
| **Fad ó lár an bhaile/km** | **Dún Duilleogach** | **Éadan an Ghuail** |
| 0 | 5 | 0 |
| 5 | 7 | 2 |
| 10 | 7 | 3 |
| 15 | 8 | 4 |
| 20 | 8 | 5 |

Ní fhásann léicin i gceantair iontach tionsclaíoch (truaillithe) agus is fearr a fhásann siad nuair atá na leibhéil thruaillithe íseal.

**(ii)** Luaigh cosúlacht **amháin** idir na torthaí do Dhún Duilleogach agus na torthaí d'Éadan an Ghuail.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Cuir síos ar dhifríocht **amháin** idir na torthaí don dá bhaile. Luaigh míniú don difríocht seo.

Difríocht _______________________________________ [1]

Míniú _________________________________________ [1]

**(iv)** Agus an fhaisnéis thuas in úsáid, luaigh dhá rud a rinne Eoin lena chinntiú go mbeadh na torthaí bailí (triail chothrom).

1. _____________________________________________ [1]

2. _____________________________________________ [1]

**(v)** Luaigh rud **amháin** a thiocfadh le hEoin a dhéanamh le torthaí níos iontaofa a fháil.

_______________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Léiríonn an tsreabhchairt seo thíos cad é mar a bhí líon na bpáistí a bhí á vacsaíniú in éadan MMR ag athrú idir 1990 agus an lá atá inniu ann.

Vacsaíníodh 90% de pháistí in 1990

↓

In 1998, thug taighde áirithe le tuiscint go raibh nasc idir vacsaíniú MMR agus uathachas


↓

Mar gheall air seo, ní raibh ach 50% de pháistí á vacsaíniú faoi 2000

↓

Faoi 2005, bhí 90% de pháistí á vacsaíniú arís.

**(i)** Agus an fhaisnéis thuas in úsáid, comhlánaigh an graf seo thíos leis an athrú ar chéatadán na bpáistí a bhí á vacsaíniú a thaispeáint.




[2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**(ii)** Mínigh cad chuige a bhfuil an céatadán de pháistí atá á vacsaíniú in éadan MMR anois ar ais ag leibhéal 1990.

______________________________________________ [1]

**(b)** Mínigh cad é mar a chuidíonn na rudaí thíos le daoine a chosaint ar mhiocróib dhochracha.

Scannáin mhúcasacha i gcuas na sróine ____________________

______________________________________________ [1]

Fuiltéachtadh ______________________________________

______________________________________________ [1]

**(c)** Mínigh cad é mar a chosnaíonn antasubstaintí daoine ar ghalair.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** **(a)** Bhí tráth ann nuair a bhí planda an tsabhaircín an-choitianta i dTuaisceart Éireann; tá bláthanna deasa air agus ba ghnách le daoine cuid mhór acu a bhaint. Is fearr a fhásann sé i dtalamh nádúrtha féaraigh gan leasú, áit nach mbíonn sé faoi scáth plandaí eile.



© CCEA

Tháinig laghdú ar líon an tsabhaircín ar chúiseanna éagsúla. Orthu seo tá leasachán a úsáid le níos mó féir a fhás d'eallach.

**(i)** Mínigh ina iomláine cad é mar a laghdófaí ar shabhaircíní mar gheall ar leasacháin a bheith in úsáid go forleathan.

_______________________________________________

_____________________________________________ [2]

**(ii)** Seachas laghdú ar an leasachán atá in úsáid ar thalamh féaraigh, **luaigh dhá** rud is féidir a dhéanamh leis na sabhaircíní a chosaint ar dhíothú.

_______________________________________________

_______________________________________________

_____________________________________________ [2]

**(b)** Ainmnigh speiceas **amháin** eile atá i mbaol agus luaigh fáth amháin a bhfuil sé i mbaol díothaithe.

_______________________________________________

_____________________________________________ [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

6875.02